

Mithidh creideamh do chloinn Néill

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlum Dána*, Dublin, 1938, poem 106]

Eoghan Mac Craith .cct.

1 Mithidh creideamh do chloinn Néill  
'gun chloinn ag nar creideadh dhóibh;  
ní fás do-niad tar Íbh Néill;  
ní léir cás nach iad do fhóir.

2 Bóinn Dá Thí na ndumhach ndonn  
agus Tulach na dTrí bhFionn  
sgartha feasda re féinn Gall;  
clann Néill as cneasda ós a cionn.

3 Slat orrdhraic ós fhine Néill  
smacht Cormaic ar Mhidhe mhóir;  
Banbha ghealChuinn taoibh re taoibh  
faghla í Mhaoil Eachluinn do fhóir.

4 I leith fhaghla ós eadh a-tá  
an Bhanbha gomadh bean dó  
ní budh roghar do chleith Chua  
foghala nua i ngach leith don ló.

5 Lia sgor an mhongabhraigh mhóir,  
lia crodh ag ollamhnaibh uaidh,  
lia a choin - ní ceilte ar an fhéinn -  
teirce a ngéill soin is a sluaigh.

6 Lór a mhíonlacht i mór ban,  
lór a ríoghdhacht - ní rún mion  
a chur uilleannach arm sean  
badhbh dhean ní huirreamach d'fhior.

7 Ua Colmán ó Chruachain chaoimh  
is buachaill d'orlár an áigh;  
tugadh treas gan fhiadhain uaidh  
an treas uair ar n-iarraidh áir.

8 Béas don deighfhear car a chlú  
an dan bhus deireadh don ló  
éacht uaidh le mallgothuibh mná  
lá an uair do dhaghmhothuigh dhó.

9 Ní bhéara céim ar a chúl;  
a réir ní ghéabha gan ghiall;  
ní héidir le hucht an ríogh

díon an chéidfhir i ngurt ghliadh.

10 Lucht donnbhrat i ndeaghaidh ruag  
ar cheanaibh fa Chormac Óg;  
feidhm ar chrannaibh um cheann nGréag,  
sdéad seang ar bharraibh a bróg.

11 Lán dearnann do ghormgha ghéar  
is seanlann tromdha re thaobh  
is am crann reamhar dá riар;  
níor iarr 'n-a leanbh crann caol.

12 Ar bhfuighle re a aghaidh n-óig:  
“blaghaidh bruighne blaghaidh ruaig,  
mín ag dul go toruibh thríd  
gan bhrugh 'n-a mbíd d'fhoghuil uaid.”

13 Ní charaid socracht ná síodh,  
do-ghabhaid docracht is duadh;  
ní basgadh ar iorghail t'fhian  
asdar cian ná ionmhuidh fhuar.

14 Réidh bhí ó theachta dod thoigh  
- gá ní as deacra ná dréim ribh -  
Laoich ler bh'áil i ngleo do ghoin;  
ní leo a bhfuil 'n-a láimh acht libh.

15 Banbha Airt i n-eidhreacht chóir  
tarla id chait - is deighneart daoibh;  
biaidh fat eidhribh fleadhFhód Fáil;  
do dheimhnigh fáidh neamhóg naoimh.

16 Lá feadhma ní fás do-niad  
na feadhna re a bhfás do ghrúg;  
bhar n-uaill ná uabhar bhar sdéad  
ní thruaill do chéad sluaghadh súd.

17 Orrdhraic ó cheanaibh do chlú  
a Chormaic do mheadhair mná;  
fuaradh bhar n-each, a fhir chró,  
creach nó [a] dhó libh re dá lá.

18 Lucht tilte uile don iath  
na litre chuire go cách  
fir ris nach soshnadhma síoth  
fríoth comhardha ó dtigh dá táth.

19 Teas an talmhan is tuar gnaoi  
eas uadh gan bhalbhadh ní bhí;

tuigtheair sin ar síonaibh Dé  
gur shíodhaigh sé ribh, a rí.

20 Mín gach maighean, mín gach linn,  
gan chagadh re thír ag tuinn;  
druimleabhair gach damhna croinn,  
coilí Bhanbha i gcuirmmeabhaidh cuinn.

21 Clúimh na leargort naoidhe a-níos  
- gá ceardacht as caoimhe gréas?  
a mbia ar choillfiodhbhaidh do chnuas  
budh sia suas doinnfhiodhraidh déas.

22 An úir ar n-osgladh dá hioth  
ag brosdadh ar chlúimh na gleath;  
gidh créad rug an mhuir a-mach  
ní fhuil rath nach tug is-teach.

23 Giolla adhras d'fhagháil chlú  
'n-a anáir labhras an lia  
rí do thagra dá ndeach dhó  
mó d'agra na mbreach 'ma mbia.

24 Do bhrígh feadhma ghéirreann nglan  
mín Éireann 'ga earla thiugh;  
an ré le ria tar gach bhfeár  
sia an seal ó 'né gus a-niugh.

25 Clann Chathaoir is Cholmáin mhór  
'n-a comhdháil go cathaoir Néill;  
gidh cara ceall ceann an tsaluagh  
do smuain Ceall Dara do dhréim.

26 Féinnidh Theamhra ó thighbh sgol  
dlighidh gan bhearna ar a bhladh;  
iomdha sealg is éachta ón fhior  
ciodh ná budh ceard bréagtha ban?

27 Gach ní dá bhfuighe is dá bhfuair  
an rí ar gach nduine ag a dháil;  
i mbrat Chormaic sul do-chóidh  
slat óir an donnbhrait ag dáimh.

28 Gá beag bheith go gar dá ghnaoi?  
tar a bhladh nochá reich rí;  
frioth 'n-a dheighéadáil uaidh é;  
fuair sé go neimhéisagáir ní.

29 Donnaidh sleatha gorma i ngádh,

bronnaidh greagha ollmha ag ól,  
gealltar mallbha ag Aifreann uadh,  
do aithgheall sduagh Annla ór.

30 Do mhaoidh tromdháimh ar thuir Chua,  
gobhláin gaoil do chuir a chlú;  
fogus gaol deaghUisnigh dhó;  
laogh bó ón tealaigh-sin thú.

31 Téid re hoighreadh dath do dhearc  
gan dath as coimhgheal red chorp  
a ghnaoi tar nar bh'iarraidh Art  
sa tlacht do bhaoi ar fhiadhain ort.

32 Ní bhia fós teach ós do thoigh  
gan do nós ar neach dá mair;  
íocfa féin re seanóir sin  
neamhóidh gach fhír dot fhéin air.

33 Sleagna reamhra Bhéinne Bhriot  
a chéile Leamhna budh lat;  
fuarais corn beannchraobhach breac  
'mar fheac Dolbh gealchaolach glac.

34 I bpurt an Daghdha ós Bhóinn bhaileibh  
do-chóidh re hucht Samhna a seilbh  
tapracha ar chúl gacha chuirc  
cuirm ag túr daghcrotha ar dheilbh.

35 Mór file ón bhronnadh do-bheir  
bile dar donnadh gach dair;  
go deoradh le duasaibh cruidh  
seoladh ón fhuil uasail air.

36 Mac Duibhe Cobhlaigh ó Chliaigh  
dá gach dhuine congbaidh cóir;  
tug d'anáir do chineadh Chéin  
a ngéill d'fhagháil idheadh n-óir.

37 Clann Cholmáin - ní cineadh mion -  
cineadh re congbháil na sgol  
na cláir brannaimh 's a mbró ghreagh  
mó a seadh i gclannaibh a gcon.

38 Cuid dá riar an miodhfhann mór  
i n-a dtriall Sionann 's a sál;  
cuid fhineachais dóibh gach dún  
'ma ndún Bóinn bhileathais bhán.

39 Craobh darab ceard ceannach gnaoi,  
caor dhearg a Teallach Dá Thí,  
cleachtaidh faire Thoighe Té  
gidh bé oile baile i mbí. Mithid.